AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.9.2022
COM(2022) 464 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/1345 a mhéid a bhaineann le tús a chur le caibidlíocht leis an gColóim agus le Meicsiceo d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

- **Forais agus cuspóirí an mholta**

Le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle[1], bunaítear an fhéidearthacht rochtain ar mhargadh an Aontais a thabhairt do tháirgí orgánacha a thagann ó thríú tíortha a aithníodh faoi chomhaontú trádála mar thíortha a bhfuil córas táirgthe iontu lena gcomhlíontar na cuspóirí céanna agus na prionsabail chéanna trí rialacha a chur i bhfeidhm lena n-áirithítear an leibhéal dearbhaithe comhréireachta céanna agus a áirithítear le rialacha an Aontais.

I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848, maidir leis an aitheantas do thríú tíortha chun críocha coibhéise ar bhonn Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 834/2007[2], rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2026. Dá bhrí sin, na haitheantais a dheonaítear don Airgintín, don Astráil, do Cheanada, do Chósta Ríce, don India, d'Iosrael, don tSeapáin, don Nua-Shéalainn, don Chóiré Theas, don Túinéis agus do Stáit Aontaithe Mheiriceá, rachaidh siad in éag ar an dáta a luaitear thuas. Chun leanúnachas na sreafaí trádála táirgí orgánacha leis na comhpháirtithe sin a áirithiú tar éis 2026, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht is gá chun aitheantas nua coibhéise a bhaint amach i bhfoirm comhaontuithe trádála leis na tíortha sin. Cuireadh an t-údarú caibidlíochta sin in iúl i gCinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021[3].

Is é is cuspóir don mholadh seo an Cholóim agus Meicsiceo a chuimsiú i raon feidhme Chinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle.

Chuir an Coimisiún tús leis an gcaibidlíocht go hoifigiúil in 2016. Bhí an chaibidlíocht sin bunaithe ar Chinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2014, cinneadh ina ndearnadh tagairt do thréimhse bhailíochta 3 bliana.

Níorbh fhéidir an chaibidlíocht leis an gColóim agus le Meicsiceo a thabhairt chun críche laistigh den tréimhse 3 bliana. Dá bhrí sin, moladh údarú athnuaite a iarraidh trí raon feidhme Chinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle a leathnú. Leis sin freisin beifear in ann coibhéis fhéideartha na reachtaíochta maidir le táirgeadh orgánach is infheidhme sa Cholóim agus i Meicsiceo a chinneadh trí ghníomh reachtach nua de chuid an Aontais maidir le táirgeadh orgánach, i.e. Rialachán (AE) 2018/848 agus gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme bunaithe ar an Rialachán sin. I bhfianaise an mhéid thuas, moltar sa mholadh nach leasófaí Cinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle ach a mhéid is gá, gan aon athrú a thabhairt isteach sna treoracha caibidlíochta.

I bhfianaise an chomhthéacs, ghlac SECGEN leis an moladh mar mholadh atá Neamh-íogair ó thaobh na polaitíochta de/Tábhachtach.

---

1 IO L 150, 14.6.2018, lch. 10.

2 Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 (IO L 189, 20.7.2007, lch. 1).

3 Cinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht leis an Airgintín, leis an Astráil, le Ceanada, le Cósta Ríce, leis an India, le hIosrael, leis an tSeapáin, leis an Nua-Shéalainn, leis an gCóiré Theas, leis an Túinéis agus leis na Stáit Aontaithe d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha (IO L 306, 31.8.2021, lch. 2).

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Trí thrádáil i dtáirgí orgánacha a chothú trí chomhaontuithe déthaobhacha, beidh an moladh ina rannchuidiú leis an gcuspóir ginearálta maidir le hAontas Eorpach ‘níos láidre sa domhan mór’[4]. Thairis sin, tá comhaontuithe trádála ag an Aontas leis an gColóim agus le Meicsiceo cheana féin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Trí thrádáil i dtáirgí orgánacha a spreagadh, beidh an moladh ina rannchuidiú freisin le cuspóir an Chomhaontaithe Ghlais maidir le hoibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar chaighdeáin chomhshaoil dhomhanda. Ina theannta sin, áiritheofar leis an moladh leanúnachas le cinntí a rinne an tAontas roimhe seo amhail dul i mbun caibidlíochta maidir le táirgí orgánacha leis an gColóim agus le Meicsiceo.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 218(3) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De réir Airteagal 5(3) CAE, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta i réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

- **Comhréireacht**

Tá an moladh ón gCoimisiún i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

- **An rogha ionstraime**

Is é comhaontú idirnáisiúnta an t-aon ionstraim atá ar fáil chun an cuspóir a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá gá le húdarú chun tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta. Mar a míníodh, níl gá le hionstraim dhlíthiúil nua sa chás áirithe seo, ach leasú ar Chinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh roinnt comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara i gcomhthéacs an athchóirithe ar an ngníomh reachtach maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha. Eagraíodh roinnt cruinnithe agus cruinnithe Idirphlé leis an tSochaí Shibhialta ag an am sin.

Ina theannta sin, sa Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) an 22 Samhain 2021 phléigh an Coimisiún leis na Ballstáit an fhéidearthacht maidir leis an gColóim agus Meicsiceo a

[4] Féach na sé thosaíocht de chuid an Choimisiúin le haghaidh 2019-2024. https://ec.europa.eu/info/strategy/priorities-2019-2024_ga.

chuimsiú faoi raon feidhme Chinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle. Tar éis an phlé, chuir CST in iúl go raibh coinne go gcuirfeadh an Coimisiún togra síos maidir le nuashonrú ar Chinneadh 1345/2021 ón gComhairle go luath amach anseo.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Tá an moladh bunaithe ar Airteagal 218(3) agus (4) CFAE. Dá bhrí sin, ní gá measúnú tionchair nua a dhéanamh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an moladh comhsheasmhach le Conarthaí an Aontais Eorpaigh agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an mholta**

Moltar sa mholadh go dtabharfar údarú don Choimisiún chun caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais ar chomhaontuithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha leis an gColóim agus le Meicsiceo. Dá bhrí sin, chuirfí an dá thír sin leis an liosta a chuimsítear cheana i gCinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle: an Airgintín, an Astráil, Ceanada, Cósta Ríce, an India, Iosrael, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Chóiré Theas, an Túinéis agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. Moltar sa mholadh na treoracha caibidlíochta céanna a choimeád san iarscríbhinn, ar treoracha iad a bheidh le leanúint ag an gCoimisiún agus ag an gcoiste speisialta a rachfar i gcomhairle leo le linn na caibidlíochta.

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/1345 a mhéid a bhaineann le tús a chur le caibidlíocht leis an gColóim agus le Meicsiceo d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] bunaítear an fhéidearthacht rochtain ar mhargadh an Aontais a thabhairt do tháirgí orgánacha a thagann ó thríú tíortha a aithníodh faoi chomhaontú trádála mar thíortha a bhfuil córas táirgthe iontu lena gcomhlíontar na cuspóirí céanna agus na prionsabail chéanna trí rialacha a chur i bhfeidhm lena n-áirithítear an leibhéal dearbhaithe comhréireachta céanna agus a áirithítear le rialacha an Aontais.

(2) Le Cinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle[6] údaraíodh tús a chur le caibidlíocht ar chomhaontuithe maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha idir an tAontas Eorpach agus an Airgintín, an Astráil, Ceanada, Cósta Ríce, an India, Iosrael, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, an Chóiré Theas, an Túinéis agus na Stáit Aontaithe.

(3) Chuir an Coimisiún tús le caibidlíocht leis an gColóim agus le Meicsiceo faoi chuimsiú údarú caibidlíochta a bhí ann roimhe seo. Bhí teorainn le fad na caibidlíochta san údarú sin agus níorbh fhéidir í a thabhairt chun críche sular baineadh amach an teorainn ama. Is iomchuí, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2021/1345 a leasú chun an Cholóim agus Meicsiceo a chuimsiú faoina raon feidhme.

(4) Ba cheart na treoracha caibidlíochta atá san aguisín a ghabhann le Cinneadh (AE) 2021/1345 a leasú chun tagairtí don Cholóim agus do Mheicsiceo a chuimsiú.

(5) Dá bhrí sin ba cheart Cinneadh (AE) 2021/1345 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (AE) 2021/1345 mar a leanas:

---

5 Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

6 Cinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht leis an Airgintín, leis an Astráil, le Ceanada, le Cósta Ríce, leis an India, le hIosrael, leis an tSeapáin, leis an Nua-Shéalainn, leis an gCóiré Theas, leis an Túinéis agus leis na Stáit Aontaithe d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha (IO L 306, 31.8.2021, lch. 2).

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Cinneadh (AE) 2021/1345 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht leis an Airgintín, leis an Astráil, le Ceanada, leis an gColóim, le Cósta Ríce, leis an India, le hIosrael, leis an tSeapáin, le Meicsiceo, leis an Nua-Shéalainn, leis an gCóiré Theas, leis an Túinéis agus leis na Stáit Aontaithe d’fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(1):

Údaraítear leis seo don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht leis an Airgintín, leis an Astráil, le Ceanada, leis an gColóim, le Cósta Ríce, leis an India, le hIosrael, leis an tSeapáin, le Meicsiceo, leis an Nua-Shéalainn, leis an gCóiré Theas, leis an Túinéis agus leis na Stáit Aontaithe d’fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha.’;

(3) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad an aguisín.’

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán